

Socrúchán Intéirneach do chéimí

Tá muid ag lorg céimí cumasach le bheith mar chuid dár bhfoireann margaíochta ag Aerfort Dhún na nGall.

Mar bhall dár bhfoireann Margaíochta, cabhróidh tú linn Aerfort Dhún na nGall a chur chun cinn ar líne. Is éard a bheidh i gceist le do phost ná ár suíomh Gréasáin a bhainistiú, cabhrú lenár straitéis margaíochta a chur i gcrích, ár láithreacht ar na meáin shóisialta a neartú chomh maith le gníomhaíochtaí eile a bhaineann le margaíocht..

Cad a dhéanfaidh tú:

Oibreoidh tú lenár bhfoireann agus le gnólachtaí eile chun Aerfort Dhún na nGall a chur chun cinn.

Coinneoidh tú ár suíomh Gréasáin cothrom le dáta agus ár leathanaigh meán sóisialta tarraingteach agus mealltach.

Déanfaidh tú feachtais mhargaíochta ar líne a phleanáil agus a rith.

Soláthróidh tú ábhar ábhartha cothrom le dáta dár Nuachtlitir Mhíosúil.

Rianóidh tú éifeachtúlacht na bhfeachtas agus molfaidh tú feabhsuithe.

Tá muid ag lorg:

Céim ollscoile sa mhargaíocht nó in ábhar gaolmhar (uasteorainn ama de cheithre bliana ó bhain tú céim amach).

Eolas ar / Taithí le margaíocht ar líne (meáin shóisialta, SEO, ag cruthú inneachair).

Meon cruthaitheach agus fócas ar thorthaí a bhaint amach.

Scileanna maidir le bogearraí dearaidh ar nós Adobe Illustrator agus Photoshop a úsáid (buntáiste breise é eolas ar Canva).

Is conradh sonraithe é seo ar feadh tréimhse dhá bhliain, ag obair 39 uair sa tseachtain. Bunaithe ar fheidhmíocht, d'fhéadfadh deis a bheith ann do phost buan tar éis don intéirneacht dhá bhliain. críochnú.

Líofacht sa Ghaeilge inmhianaithe

D'oirfeadh an deis seo do Chéimí Margaíochta Digiteach, nó a mhacasamhail, le meon an-dearfach acu agus fonn orthu taithí phraiticiúil a fháil san ionad oibre, i ngach gné d'fheachtais mhargaíochta taistil/turasóireachta.

Dáta deiridh d'iarratais: Dé hAoine 30 Bealtaine

Seol do CV chuig: An Bainisteoir Acmhainní Daonna, Aerfort Dhún na nGall

Ríomhphost: recruitment@donegalairport.ie